Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**5246/26**

**LIMITE**

**CORLX 32**
**CFSP/PESC 42**
**CSDP/PSDC 17**
**MAMA 11**
**CONUN 9**
**CSC 28**
**EUMC 12**
**ATALANTA 2**
**ASPIDES 3**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/583 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/583**
**maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh**
**chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua**
**(EUNAVFOR ASPIDES)**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Eanáir 2024, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2722 (2024), inar cáineadh go géar na hionsaithe a rinne na Houthi ar shoithí trádála agus tráchtála, inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé cearta agus saoirsí loingseoireachta a bheith á bhfeidhmiú sa Mhuir Rua ag soithí de chuid na stát uile, lena n-áirítear soithí trádála agus tráchtála a dhéanann idirthuras trí Chaolas Baab al-Mandab, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, inar éilíodh ar na Houthi deireadh a chur láithreach le gach ionsaí den sórt sin, inar dearbhaíodh gur gá urraim a thabhairt d'fheidhmiú chearta agus shaoirsí loingseoireachta ag soithí trádála agus tráchtála, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, agus inar tugadh aird ar an gceart atá agBallstát na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a soithí a chosaint ar ionsaithe, lena n-áirítear ionsaithe a bhaineann an bonn de na cearta agus na saoirsí loingseoireachta sin.

(2) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583[1], lenar bunaíodh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(3) An 19 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/632[2], lenar seoladh EUNAVFOR ASPIDES agus sainordú aige a mhairfidh go dtí an 18 Feabhra 2025.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2024/632 ón gComhairle an 19 Feabhra 2024 lena seoltar an oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2024/632, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/632/oj).



PUBLIC

(4) An 14 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/334[3], lenar cuireadh síneadh le EUNAVFOR ASPIDES go dtí an 28 Feabhra 2026.

(5) An 26 Samhain 2025, i gcomhthéacs athbhreithniú straitéiseach ar EUNAVFOR ASPIDES agus i gcomhthéacs Mheasúnú Straitéiseach ar EUNAVFOR ATALANTA, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le EUNAVFOR ASPIDES go dtí an 28 Feabhra 2027.

(6) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/583 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[3] Cinneadh (CBES) 2025/334 ón gComhairle an 14 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/583 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) ) (IO L, 2025/334, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/334/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (CBES) 2024/583 mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. EUR 14 917 600 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais do chostas choitinne EUNAVFOR ASPIDES ar feadh na tréimhse ón 1 Márta 2026 go dtí an 28 Feabhra 2027. Is 0 % i ngealltanais agus 0% in íocaíochtaí a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509.’

(2) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR ASPIDES an 28 Feabhra 2027.

3. Déanfar athbhreithniú straitéiseach ar EUNAVFOR ASPIDES in 2026/27.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC